**Míniú ar na toghcháin Eorpacha: conas a roinntear na suíocháin?**

Tá sé in am vóta a chaitheamh! Idir an 6ú agus an 9ú lá de mhí an Mheithimh i mbliana, beidh lámh ag na milliúin saoránach Eorpach i múnlú thodhchaí an Aontais Eorpaigh trí vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha. Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon chomhlacht de chuid an Aontais a thoghtar go díreach agus tá na toghcháin Eorpacha ar cheann de na himeachtaí daonlathacha is mó ar domhan. Sa tsraith seo de phodchraoltaí, tugaimid an t-eolas ar fad is gá duit faoi na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa atá ar na bacáin.

San eagrán seo, pléifimid an tslí a roinntear na suíocháin sa Pharlaimint.

Is í Parlaimint na hEorpa comhlacht reachtóireachta an Aontais Eorpaigh. Déanann sí ionadaíocht ar leasanna na milliúin saoránach i 27 mBallstát an Aontais. Beag beann ar cheangal nó creideamh polaitiúil, is léiriú í an tslí ina roinntear na suíocháin i bParlaimint na hEorpa ar dhúthracht an Aontais i leith an daonlathais agus na hionadaíochta. Toghfar 720 Feisire i mbliana. Ciallaíonn sé sin go mbeidh cúigear Feisirí déag breise sa chéad Pharlaimint eile.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tslí a bhfeidhmíonn an próiseas daonlathach san Aontas, féachaimis ar an tslí a ndáiltear na suíocháin i bParlaimint na hEorpa ar na Ballstáit.

Dáiltear na suíocháin ag baint úsáid as córas ar a dtugtar comhréireacht chéimlaghdaitheach, a tugadh isteach faoi Chonradh Liospóin. Seo an tslí ina n-oibríonn sé: dáiltear líon áirithe suíochán ar gach tír. Bíonn níos mó suíochán ag tíortha níos mó agus níos lú suíochán ag tíortha níos lú. Ina theannta sin, déanann Feisirí ó thíortha níos mó ionadaíocht ar níos mó daoine ná Feisirí ó thíortha níos lú.

Mar shampla, ós rud é gurb í an Ghearmáin an tír leis an daonra is mó san Aontas, tá 96 shuíochán aici, an sciar is mó sa Pharlaimint. Ag an am céanna, níl ach sé shuíochán ag tíortha níos lú, amhail Málta, Lucsamburg agus an Chipir. Is é sin an t-íoslíon suíochán ar féidir le tír a bheith aici. Mar sin, tá suíochán amháin ag an nGearmáin do gach 860,000 cónaitheoir, agus tá suíochán amháin ag Málta do gach 90,000 cónaitheoir. Cinntíonn sé sin go mbíonn an luach céanna ag vóta gach saoránaigh, beag beann ar an dtír ina gcónaíonn siad. Nuair a thoghtar iad, suíonn na Feisirí i ngrúpaí polaitiúla, atá leagtha amach de réir ceangal polaitiúil agus ní de réir náisiúntachta. Le linn an naoú téarma reachtach, a mhair ó 2019 go 2024, bhí seacht ngrúpa pholaitiúla ann, ach ní líon seasta é sin: chun grúpa polaitiúil a chur ar bun, is gá 23 Feisirí a bheith sa ghrúpa, a dhéanann ionadaíocht ar cheathrú de Bhallstáit an Aontais ar a laghad.

Tar éis na dtoghchán Eorpach a bheidh ag tarlú i mí an Mheithimh, is léiriú a bheidh sa dáileadh suíochán ar thírdhreach polaitiúil ilghnéitheach na hEorpa. Tá ról ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa ó thaobh reachtaíocht agus beartais a mhúnlú a mbíonn tionchar acu ar shaol na milliún daoine ar fud an Aontais. Níl ansin ach ceann de na cúiseanna a bhfuil an-tábhacht le do vóta sna toghcháin.

Cinnfidh do vóta cé hiad na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa a dhéanfaidh ionadaíocht ort agus dlíthe nua á n-ullmhú agus beidh tionchar aige chomh maith ar roghnú an Choimisiúin Eorpaigh. Múnlóidh na cinntí seo do shaol laethúil agus saol daoine ar fud an Aontais. Níor cheart talamh slán a dhéanamh den daonlathas. Is éacht chomhchoiteann é agus, dá bhrí sin, is freagracht chomhchoiteann é. Tá ról ag gach aon duine againn ina leith.

Is féidir leat éisteacht le tuilleadh podchraoltaí ar Europarl Radio, raidió gréasáin Pharlaimint na hEorpa.